# Teimpléid do Phleananna Ceachta 2021

## Treoir do Mhúinteoirí atá ag Forbairt Imscrúduithe Eolaíochta Ranga Iomláin:

Cuireann Bleaist Eolaíochta BSL deis iontach ar fáil do mhúinteoirí rang 3 go dtí rang 6 scileanna eolaíochta, matamaitice, béil agus litearthachta a gcuid scoláirí a threisiú, d'aon iarraidh amháin! **Tabharfaidh sé do rang ar thuras a mhúsclóidh a bhfiosracht nádúrtha agus a ndíograis i leith fhoghlaim STEM**; rud a chuireann ar do chumas réimse iomlán an churaclaim eolaíochta do bhunscoileanna a chur ar fáil. **Is é an sprioc deiridh ceiliúradh ar imscrúduithe eolaíochta agus STEM ar ESB SCIENCE BLAST TV.**

Is í an phríomhaidhm do rang a chur i mbun imscrúdú eolaíochta oscailte ar **cheist ar bith a bhfuil spéis acu inti.** Ba mhaith le BLEAIST EOLAÍOCHTA BSL go gcruthódh do rang a gceist féin. Ba cheart go dtiocfadh an cheist ó na gasúir iad féin.

Chun cuidiú leat ar an tóraíocht seo d'fhorbair BLEAIST EOLAÍOCHTA BSL sraith de **PHLEANANNA CEACHTA a oibríonn mar theimpléad** agus a thugann treoir duit ar na céimeanna chun imscrúduithe eolaíochta bunaidh a chruthú agus a bhainistiú sa seomra ranga.

Feiceann na moltóirí éagsúlacht mhór imscrúduithe, á dtiomáint ag fiosracht leanaí agus toilteanas a gcuid múinteoirí ligean dóibh fadhbanna a réiteach, a chruthú, a oiriúnú agus a chomhoibriú.

**Tá na pleananna ceachta bunaithe ar an 6 chéim atá inár gCREAT FIOSRÚCHÁIN** le tacaíocht ó bhileoga oibre agus cur i láthair PowerPoint le húsáid ar do chlár bán. Is meastachán atá luaite sa mhéid ama a theastaíonn ó gach seisiún agus tiocfaidh athrú air seo ó thionscadal go tionscadal.

**Áirítear sna Pleananna...**

CEACHT 1: **RÉAMHRÁ AR BHLEAIST EOLAÍOCHTA**

CEACHT 2: **CEIST A ROGHNÚ**

CEACHT 3: **TUAR & PLEANÁIL**

CEACHT 4: **OBAIR PHRAITICIÚIL & IMSCRÚDÚ**

CEACHT 5: **ANAILÍS & MACHNAMH**

Guímis ádh mór oraibh le bhur dtionscadal:
Tá na moltóirí ag tnúth le bualadh le do rang ar líne go luath!

**6 Chéim den CHREAT FIOSRÚCHÁIN**